AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.10.2020
COM(2020) 633 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, sa Chomhairle Chomhpháirteach a bunaíodh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit atá i gComhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, maidir le cainníochtaí tagartha ar leith atá in Iarscríbhinn IV de CCE a choigeartú

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. 2/2020

**DEN CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH
ARNA BUNÚ FAOIN gCOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE IDIR AN tAONTAS EORPACH
AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT,
AGUS STÁIT ATÁ i gCOMHAONTÚ FORBRAÍOCHTA DHEISCEART NA hAFRAICE ATÁ SA CHOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE, DEN PHÁIRT EILE**

maidir le leibhéil truicir a ghlacadh le haghaidh táirgí atá incháilithe i gcomhair bearta coimirce agus táirgí a ngabhann réiltín leo, i gcomhréir le fonóta 1 d'Iarscríbhinn IV den Chomhaontú

TÁ AN CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus stáit atá i gComhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile ("An Chomhaontú"), agus go háirithe Airteagail 35 agus 102 de, agus do Chinneadh Uimh. 1/2019 den Chomhairle Chomhpháirteach (Rialacha Nós Imeachta den Chomhairle Chomhpháirteach).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

De bhun fhonóta 1 d'Iarscríbhinn IV den Chomhaontú, déantar na cainníochtaí tagartha le haghaidh an táirge a ngabhann réiltín leis a choigeartú, chun críocha Airteagal 35 den Chomhaontú, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Thar ceann na Comhairle Comhpháirtí

Ionadaí ó na stáit atá i gComhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche	*Ionadaí an Aontais Eorpaigh*
PEGGY O. SERAME	*VALDIS DOMBROVSKIS*
Dáta:	*Dáta:*

Iarscríbhinn: Cainníochtaí tagartha coigeartaithe (tonaí méadracha) d'Iarscríbhinn IV den Chomhaontú (leathanach L 250/1917-18 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice agus an tAontas Eorpach)

	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Línte taraife	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7	Bliain 8	Bliain 9	Bliain 10	Bliain 11	Bliain 12
02062100	100	110	121	133	146	161	177	195	215	237	261	287
02062900	1 005	1 106	1 206	1 307	1 407	1 508	1 609	1 709	1 810	1 910	2 011	2 111
02064900	5 000	5 500	6 000	6 500	7 000	7 500	8 000	8 500	9 000	9 500	10 000	10 500
11041910	150	165	182	200	220	242	266	293	322	354	390	429
11071010	2 373	2 613	2 874	3 161	3 478	3 825	4 204	4 628	5 089	5 595	6 152	6 771
04012007	6 353	6 986	7 701	8 457	9 315	10 234	11 256	12 379	13 625	14 973	16 485	18 119
20011000	1 302	1 432	1 576	1 732	1 905	2 096	2 305	2 536	2 791	3 069	3 376	3 714
20019010	270	297	328	360	396	436	480	527	580	638	701	771
180631	3 046	3 350	3 655	3 959	4 264	4 569	4 873	5 178	5 482	5 787	6 091	6 396
180632	938	1 032	1 126	1 220	1 314	1 408	1 501	1 595	1 689	1 783	1 877	1 971
180690	7 196	7 916	8 635	9 355	10 074	10 794	11 514	12 233	12 953	13 672	14 392	15 112